



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S

---

# Nóta Faisnéise Párolla

## Do

# Muinteoirí Bunscoile

***\*\*IS CEART AN NÓTA SEO A SCOITHEADH AGUS É A THABHAIRT  
DON MUINTEOIRÍ***

***\*\*NÁ CUIR AN NÓTA SEO AR AIS IN ÉINEACHT LEIS AN bhFOIRM  
IARRATAIS\*\****

**Uasdátaithe Feabhra 2015**

<b>Réamhrá</b> .....	<b>3</b>
<b>Fostaíocht</b> .....	<b>3</b>
<b>Saoránacht AE</b> .....	<b>3</b>
<b>Rannán Párolla na Roinne</b> .....	<b>3</b>
<b>Tuarastal</b> .....	<b>3</b>
<b>Creidmheas Incriminteach</b> .....	<b>4</b>
<b>Ganníocaíocht / Ró-íocaíocht Tuarastail</b> .....	<b>4</b>
<b>Scéim Aoisliúntais do Muinteoirí Bunscoile</b> .....	<b>4</b>
<b>Cáilíochtaí agus Clárú</b> .....	<b>4</b>
<b>Sochar Máithreachais / Uchtála</b> .....	<b>4</b>
<b>ÍMAT</b> .....	<b>5</b>
<b>Asbhaint a bhaineann le Pinsean (AP)</b> .....	<b>6</b>
<b>An Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)</b> .....	<b>6</b>
<b>Foirm P60 Deimhniú agus Ráiteas Bliantúil maidir le Tuilleamh</b> .....	<b>7</b>
<b>ÁSPC a Ríomh</b> .....	<b>7</b>
<b>Athrú ar Mhionsonraí Pearsanta</b> .....	<b>8</b>
<b>Saoire Bhreiteachta</b> .....	<b>8</b>
<b>Mionsonraí Teagmhála do Phárolla Muinteoirí Bunscoile</b> .....	<b>8</b>

## Réamhrá

Is mian leis an Roinn Oideachais agus Scileanna d'aird a tharraingt ar roinnt mionsonraí a bhaineann le do phost mar Muinteoir Bunscoile. Sa doiciméad seo, déantar faisnéis i ndáil le tuarastal agus asbhaintí a leagan amach go hachomair. Tá tuilleadh mionsonraí faoi sheirbhísí Párolla agus tuilleadh faisnéise ar fáil ar leathanach gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas: <http://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Payroll-Financial/>

Maidir le do chonradh fostaíochta, is conradh é idir tú féin agus údarás bainistíochta na scoile ina bhfuil tú fostaithe. Tá na téarmaí agus na coinníollacha do Muinteoirí Bunscoile leagtha amach sna ciorcláin lena rialaítear saoire bhreiteachta, asláithreacht, saoire mháithreachais agus uchtála, agus scéimeanna eile atá ar fáil do Muinteoirí Bunscoile. Tá na ciorcláin sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne [www.education.ie](http://www.education.ie) agus moltar duit eolas a chur ar na mionsonraí atá ann sna ciorcláin sin.

Tá foirmeacha iarratais i gcomhair scéimeanna agus na scálaí tuarastail ar fáil ar an láithreán gréasáin freisin [www.education.ie](http://www.education.ie) faoi na táib a bhaineann le Foireann Oideachais.

Tá láithreáin ghréasáin iomchuí Ranna eile liostaithe ag deireadh an nóta faisnéise seo.

## Fostaíocht

Maidir le do chonradh fostaíochta, is conradh é idir tú féin agus údarás bainistíochta na scoile ina bhfuil tú ar fostaithe. Chun críocha Párolla **amháin**, is é 4000099H uimhir chláráithe d'fhostóra.

## Saoránacht AE

Más rud é nach saoránach AE é nó í muinteoir ní mór cóip dá chead/cead oibre a choimeád sa scoil. Mura bhfuil cead oibre aige/aici, níl an muinteoir cáilithe chun tuarastal a fháil agus ní ceart foirm cheapacháin a chur faoi bhráid na Roinne.

## Rannán Párolla na Roinne

Soláthraíonn Rannán Párolla na Roinne Oideachais agus Scileanna seirbhís párolla do chatagóirí áirithe foirne múinteoireachta agus foirne neamh-mhúinteoireachta atá fostaithe i scoileanna.

## Tuarastal

Íoctar an tuarastal uair sa choicís ar an Déardaoin. Clúdaíonn sé tréimhse 14 lá suas go dtí an Luan roimh dháta eisiúna an tuarastail, agus an lá sin san áireamh.

Chun an pointe ar an scála atá á íoc leat a chinneadh, is ceart duit méid an phá chomhláin a iolrú faoi 26.09 chun an méid comhlán bliantúil a ríomh. Ar an gcaoi chéanna, má tá tú ag fáil cáilíocht / post freagrachta / liúntas eile is ceart duit méid an phá chomhláin a iolrú faoi 26.09 chun an méid comhlán bliantúil a ríomh. Tá scálaí tuarastail ar fáil ar láithreán gréasáin na

Roinne: [www.education.ie](http://www.education.ie). Roghnaigh Foireann Oideachais ar an Leathanach Baile. Ansin roghnaigh Párolla/Airgeadas ón liosta roghanna ar thaobh na láimhe deise den leathanach.

## **Creidmheas Incriminteach**

Chun dul chun cinn a dhéanamh ar an scála tuarastail incriminteach, d'fhéadfadh sé go dtabharfar creidmheas incriminteach do muinteoírí i leith taithí iomchuí. I gCiorclán 10/01 leagtar amach mionsonraí faoin tslí ina n-oibríonn an Scéim Creidmheasa Incrimintigh agus na nósanna imeachta a ghabhann le hiarratas ina leith sin.

## **Ganníocaíocht / Ró-Íocaíocht Tuarastail**

Tá sé an-tábhachtach a chinntiú go bhfuil an pointe ceart ar an scála tuarastail á chur i bhfeidhm maidir leat féin.

I gcás ganníocaíochta tuarastail, tabharfaidh an Roinn aisíocaíocht duit de réir an ráta chirt agus íocfaidh sí aon riaráistí a bheidh fabhráithe i do leith. I gcás ró-íocaíochta tuarastail, gheobhaidh an Roinn aisíocaíocht i leith na ró-íocaíochta uaitse. Féach Ciorclán Pá 15/04. Tá an ciorclán sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne: [www.education.ie](http://www.education.ie).

## **Scéim Aoisliúntais do Muinteoírí Bunscoile**

Tá eolas ar an Scéim Aoisliúntais Múinteoirí Bunscoile ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne: [www.education.ie](http://www.education.ie).

Cuireadh tús le scéim nua, Scéim Shingil Pinsin Seirbhíse Poiblí (“Scéim Shingil”) le héifeacht ó 1 Eanáir 2013. Go hiondúil, is ball den Scéim Shingil gach iontrálaí nua ar an bhfostaíocht inphinsin seirbhíse poiblí a d'iontráil ar 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Tá sonraí faoin Scéim Shingil curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá tuilleadh sonraí faoi chur i bhfeidhm na Scéime Singile i gcás múinteoirí bunscoile leagtha amach i gCiorclán 007/2013, atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag [www.education.gov.ie](http://www.education.gov.ie)

## **Cáilíochtaí agus Clárú**

An té a cheapfar beartaithe a bheith cáilithe don phost agus atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Mura bhfuil an ceapaí molta cáilithe don phost agus atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta nach bhfuil an duine i dteideal tuarastal agus foirm coinne nár chóir a chur faoi bhráid an Roinn.

## **Sochar Máithreachais / Uchtála**

Ag brath ar do thaifead ranníocaíochtaí ÁSPC, d'fhéadfadh sé go mbeidh tú i dteideal íocaíocht a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí i leith asláithreachtaí faoi na Scéimeanna Saoire Máithreachais / Uchtála. Tá íoc tuarastail ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn asláithreacht ar saoire mháithreachais / uchtála faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- (a) Ní mór duit na héilimh riachtanacha ar shochar máithreachais / uchtála a dhéanamh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos agus ní mór duit cibé ceanglais a chomhlíonadh atá leagtha síos ag an Roinn sin mar choinníoll a ghabhann le sochar a éileamh, agus
- (b) Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna aon sochar atá dlite duit i leith asláithreachta den sórt sin a asbhaint go díreach ó do thuarastal.

Féadfar aon íocaíochtaí atá dlite duit ón Roinn Coimirce Sóisialaí i leith asláithreachta den sórt sin a ghnóthú trína n-asbhaint ó do thuarastal i gcás ina mainníonn tú na coinníollacha sin roimhe seo a chomhlíonadh. Chun comhlíonadh an méid sin thuas agus comhlíonadh na rialachán maidir le saoire mháithreachais / uchtála a chinntiú, d'fhéadfadh sé go mbeidh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun a fháil amach cad iad na híocaíochtaí a dhéantar leat, cén uair a dhéantar iad agus cad é méid agus ré na n-íocaíochtaí sin. Ní úsáidfear an fhaisnéis a gheofar ón Roinn Coimirce Sóisialaí ach amháin chun na gcríoch sin roimhe seo agus ní nochtfar í d'aon duine neamhúdaraithé.

## ÍMAT

Ciallaíonn an téarma ÍMAT Íoc mar a Thuillir. Is é atá sa chóras ÍMAT ná modh asbhainte cánach ar faoi a ríomhann soláthróir párolla an cháin atá dlite agus a asbhaineann soláthróir párolla an cháin sin gach uair atá íocaíocht tuarastail dlite.

Nuair a thosaíonn tú fostaíocht nua, is gá 'Foirm 12A' a chomhlánú – Iarratas ar Dheimhniú Creidmheasanna Cánach agus Scoithphointe Ráta Chaighdeánaigh' – agus í a chur chuig d'Oifig Chánach áitiúil, agus d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPSN), d'Uimh. Párolla agus Uimhir Chláraithe d'Fhostóra, is é sin, 4000099H, á lua agat chun do Dheimhniú Creidmheasanna agus Scoithphointe Ráta Chaighdeánaigh a fháil. Tar éis treoir a fháil uaitse, eiseoidh d'oifig cánach áitiúil do dheimhniú creidmheasanna cánach chugat. Ina theannta sin cuirfidh an oifig cánach cóip den deimhniú sin go leictreonach chuig an Rannóg Párolla Muinteoirí Bunscoile sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Má tá tuilleamh agat ó fhostaíocht eile laistigh den bhliain chánach seo, is ceart Foirm P45 a bheith faighte agat ó d'fhostóir roimhe seo. Is ceart Codanna 2 agus 3 d'Fhoirm P45 a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Párolla Muinteoirí Bunscoile. Is ceart duit Cuid 4 a choimeád i gcomhair do chuid taifead féin.

**Más rud é nach bhfaigheann an Roinn seo do dheimhniú creidmheasanna cánach, gearrfar cáin ort de réir na rátaí éigeandála. D'fhéadfadh sé go leanfadh asbhaintí iomarcacha cánach as cáin éigeandála. Is ar mhaithe leat féin atá sé do dheimhniú creidmheasanna a fháil le nach ndéanfar an iomarca cánach a asbhaint. Nuair a fhaigheann an Roinn seo do dheimhniú creidmheasanna cánach carnacha, déanfar aon cháin bhreise a bheidh asbhainte laistigh den bhliain chánach reatha (1 Eanáir-31 Nollaig) a aisíoc leat tríd an bpárolla, ach sin ar choinníoll go leanann tú de bheith ag fáil pá.**

Is ar an muinteoir é féin nó í féin atá an dualgas chun a chinntiú go bhfaigheann an Roinn fógra faoi mhionsonraí cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim. Meabhraítear duit gur cheart duit do Dheimhniú Creidmheasanna Cánach a scrúdú nuair a fhaigheann tú é chun a chinntiú go bhfuil sé ceart ó thaobh do chuid cúinsí féin de – is ceart aon cheisteanna a bhaineann le do Dheimhniú Creidmheasanna Cánach a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Ní féidir leis an Roinn Oideachais agus Scileanna mionsonraí cánach a athrú i gcás aon muinteoir agus ní mór don Roinn gníomhú de réir treoracha cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim. Is ceart aon cheisteanna a

bhaineann le cáin a sheoladh chuig d'oifig cánach áitiúil nó chuig láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim: [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

Déantar cáin a ríomh ar bhonn tuillimh chomhláin lúide asbhaintí réamhchánach (e.g. pinsean). Déantar cáin a íoc de réir an ráta chaighdeánaigh (20%) suas go dtí do scoithphointe ráta chaighdeánaigh (SRCOP). Déantar aon tuilleamh os cionn do scoithphointe ráta chaighdeánaigh a chur faoi cháin de réir ráta 41%.

## **Asbhaint a bhaineann le Pinsean (AP)**

Rinneadh an Asbhaint a bhaineann le Pinsean (AP) a thabhairt isteach mar chuid den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2009. Dlíonn gach duine den fhoireann teagaisc agus den fhoireann neamhtheagaisc AP a íoc. Ríomhtar ar bhonn scála aistrithigh í mar a leanas:

0% ar an gcéad €15,000.00  
2.5% ar an gcéad €5,000.00 eile  
10% ar an gcéad €40,000.00 eile agus  
10.5% ar an bhfuilleach.

Tá tuilleadh faisnéise faoi AP agus doiciméad ina bhfuil Ceisteanna a Chuirtear go Minic (FAQ) le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe <http://www.per.gov.ie/>.

I gcás ina bhfuil níos mó ná fostóir earnála poiblí amháin ag duine, nó i gcás ina bhfuil duine ag gabháil d'obair pháirtaimseartha nó d'obair mar mhúinteoir ionaid i níos mó ná earnáil oideachais amháin (ETB, iar-bhunoideachais, NTS nó ardoideachas), ní mór foirm DES\_PRD10 a thíolacadh do gach soláthróir párolla chun a chinntiú go ndéantar asbhaintí cearta i leith AP. Is ionann foirm DES\_PRD10 agus dearbhú i leith stádais duine aonair maidir le haon scéim pinsin seirbhíse poiblí. Is dearbhú é freisin i leith phríomhfhóistóir agus fhofhostóirí an duine aonair i gcás ina bhfuil níos mó ná fostaíocht seirbhíse poiblí amháin ag duine. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chomhlánú na foirme sin, féach an Nóta Faisnéise faoi Fhoirm DES\_PRD10 ar láithreán gréasáin na Roinne <http://www.education.ie/en/Education-Staff/Information/Payroll-Financial-Information/Pension-Related-Deduction-PRD-.html>.

Is ceart foirmeacha comhlánaithe a chur chuig:  
Párolla na Muinteoirí Bunscoile  
An Roinn Oideachais agus Scileanna  
Corr na Madadh  
Baile Átha Luain  
Co. na hIarmhí

## **An Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)**

Tháinig an Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU) i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2011. Tá sé iníoctha i leith ioncaim chomhláin sula ndéantar ranníocaíochtaí pinsin agus is mar a leanas atá rátaí caighdeánacha MSU:

Ráta caighdeánach an MSU (2015)	
Ráta	Banda ioncaim
0%	Áit nach mó an t-ioncam bliantúil iomlán ná €12,012
1.5%	Suas go €12,012 áit a bhfuil an t-ioncam níos mó ná €12,012.
3.5%	Ó €12,012.01 go €17,576.00
7%	Ó €17,576.01 go €70,044.00
8%	Ó €70,044.01 agus níos mó ná sin

Tá tuilleadh faisnéise faoi MSU ar fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim <http://www.revenue.ie/en/tax/usc/index.html>.

## Foirm P60 Deimhniú agus Ráiteas Bliantúil maidir le Tuilleamh

Déanfar Foirm P60 a eisiúint chugat in aghaidh na bliana ar choinníoll go raibh tú fostaithe ar an lá deireanach den bhliain chánach (i.e. an 31 Nollaig). Eiseofar Foirm P60 chugat i mí Feabhra i leith na bliana cánach roimhe sin. San Fhoirm P60, gheobhaidh tú mionsonraí faoi do thuilleamh sa bhliain chánach lena mbaineann chomh maith le faisnéis faoi ÍMAT, ÁSPC, MSU, Sochar Breoiteachta (más iomchuí) agus Cáin Mhaoine Áitiúil (más iomchuí) a asbhaineadh. Is doiciméad an-tábhachtach é an P60 i gcás gach uile fhostaí. Is ceart duit d'Fhoirm P60 a choimeád go cúramach.

Déanfar Ráiteas Tuillimh a eisiúint freisin, an tráth céanna leis an P60, chuig daoine den fhoireann a bhí fostaithe sa bhliain chánach roimhe sin ach nach raibh ar fostú ar an lá deireanach den bhliain chánach (i.e. an 31 Nollaig).

## ÁSPC a Ríomh

Is é atá in ÁSPC ná cineál árachais shóisialaigh atá á riaradh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá ÁSPC iníoctha ag fostaithe agus ag fostóirí araon agus bíonn rátaí éagsúla ÁSPC iníoctha ag an dá pháirtí agus sin ag brath ar an tslí ina bhfuil fostaithe aicmithe sa chóras ÁSPC agus ar an méid a thuilleann siad.

Asbhaineann fostóirí ÁSPC ó thuarastail na bhfostaithe agus cuirtear chuig an Ard-Bhailitheoir é in éineacht le cáin ioncaim agus MSU a asbhaintear faoin gcóras ÍMAT. Is é an Roinn Coimirce Sóisialaí, seachas na Cigirí Cánach, a riarann ÁSPC, áfach. Tugann ÁSPC nó ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a íocann fostaithe teidlíocht do na fostaithe chun sochair éagsúla árachais a fháil.

Tá bileog faisnéise (SW14), ina leagtar amach na haicmí éagsúla ranníocaíochtaí ÁSPC, ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Is ceart aon cheisteanna faoi na sochair atá iníoctha a dhíriú chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá bileoga faisnéise faoi na sochair atá iníoctha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil ar a láithreán gréasáin: [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)

Dearbhófar do aicme ÁSPC a bheith ar do dhuillín pá. Nuair a fhaigheann tú do dhuillín pá, le do thoil a dheimhniú go bhfuil tú ÁSPC Aicme ceart. Má tá sé ba chóir fógra mícheart scríofa de do Rang ceart ÁSPC a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus cuireadh ar aghaidh chuig Párolla Muinteoírí Bunscoile. Nuair a fhaightear an fógra a bheidh do aicme ÁSPC a leasú.

## **Athrú ar Mhionsonraí Pearsanta**

Chun críocha cosanta sonraí, ní mór gach athrú ar mhionsonraí pearsanta a thíolacadh i scríbhinn agus ní mór an scríbhinn sin a shíniú. Luaigh d'Uimhir Phárolla / PPSN le do thoil mar aon leis an athrú beacht atá á iarraidh. I gcás athrú ainm, iarrtar ort cóip den deimhniú iomchuí a chur ar fáil. Is ceart an fógra a dhíriú chuig Párolla na Muinteoirí Bunscoile, An Rannán Párolla, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

## **Saoire Bhreiteachta**

I gcás asláithreachtaí a mhaireann níos mó ná 2 lá, ní mór do muinteoirí bunscoile Deimhniú Dochtúra a thíolacadh d'údarás bainistíochta na scoile. Is ceart don scoil na hasláithreachta saoire breiteachta a iontráil sa Chóras Éileamh Ar Líne.

Do mhúinteoirí ag íoc ÁSPC Aicme A i gcás ina maireann an asláithreacht níos mó ná 6 lá, ní mór an chéad Fhoirm Deimhniú Tinnis/Díobhála (MC1) a bheith in éineacht leis an Deimhniú Dochtúra. Is ceart don scoil na hasláithreachta saoire breiteachta a iontráil sa Chóras Éileamh Ar Líne agus is ceart an Chéad Fhoirm Deimhniú Tinnis/Díobhála (MC1) a chur ar aghaidh chuig Párolla na Muinteoirí Bunscoile gan mhoill mar nach mór go sroichfidh sí an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de 7 lá ó thosach an tinnis. Leanfaidh cailleadh tuarastail as mainneachtain na ceanglais sin a chomhlíonadh.

Tá tuilleadh faisnéise faoi na nósanna imeachta maidir le Sochar Tinnis/Díobhála a éileamh ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne <http://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Payroll-Financial/Payroll-Services-and-Information.html>.

Tugadh isteach scéim nua, Scéim Saoire Breiteachta Seirbhíse Poiblí, a bhfuil feidhm aici i leith múinteoirí, ó 1 Meán Fómhair 2014. Tá na sonraí leagtha amach i gclár 59/2014, atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag [www.education.gov.ie](http://www.education.gov.ie)

## **Mionsonraí Teagmhála do Phárolla na Muinteoirí Bunscoile.**

Ríomhphost: [primtch\\_payroll@education.gov.ie](mailto:primtch_payroll@education.gov.ie)

Teileafón: (090) 6483600 nó má táthar ag glaoch ó Bhaile Átha Cliath (01) 8896400

I scríbhinn: Párolla na Muinteoirí Bunscoile, an Rannán Párolla, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

[www.education.ie](http://www.education.ie) An Roinn Oideachais agus Scileanna

[www.per.gov.ie/pensions](http://www.per.gov.ie/pensions) An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

[www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) Na Coimisinéirí Ioncaim

[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) An Roinn Coimirce Sóisialaí